

IARLA A DHÉANAMH DE DHOMHNALL

Seanbhean a bhí ann agus bhí mac aice, Domhnall. Bhí athchuinge le fáil aice ach ní raibh fhios aice cén t-am. Ní raibh uair dá dteigheadh sí ar a glúinibh a rádh urnaidhe nach n-iarrfadh ar Dhia iarla a dhéanamh de Dhomhnall.

An lá seo bhí sí ar a glúinibh a rádh paidreacha agus bhí sí ag guidhe léithe. Chuaidh madadh thairte. “A mhadaidh ghearr” ar sise, “fág an t-iorball agam.”

Sin é athchuinge a fuair sí in áit iarla a dhéanamh de Dhómhnall. Thuit an t-iorball den mhadadh ar a’ bpointe. Dá n-iarradh sí iarla a dhéanamh de Dhomhnall an uair sin, bhí sé faighte aice.